



An Láirionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú

Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2015

Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

Is é atá san achoimre seo ná sampla de na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh sa bhliain 2015. Dá bhrí sin, ní phléitear inti le raon iomlán obair agus éachtaí ECDC sa bhliain 2015.

Is sa leagan iomlán den Tuarascáil Bhliantúil atá forbhreathnú mionsonraithe ar raon gníomhaíochtaí ECDC, ar a struchtúir eagrúcháin agus riaracháin agus ar a phlean oibre.

Lua molta:

Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2015 – Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stíúrtóra Stóicólm: ECDC; 2016.

Stóicólm, Lúnasa 2016

ISBN 978-92-9193-918-3

doi 10.2900/854208

Uimhir chatalóige TQ-01-16-570-GA-N

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2016

Gach pictiúr © ECDC, seachas SCIENCE Photo Library (lch 8); Tnarik Innael (lch 11*); Cúige British Columbia (lch 13*); iStock (lch 14: bun); Ray Butler agus Janice Carr, CDC (lch 15: barr ar chlé); Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (lch 15: barr ar dheis); Kathryn Deiss (lch 16: barr ar chlé*), NHS Employers (lch 16: lár ar dheis*), Frankie Leon (lch 16: barr láir*), Alex Proimos (lch 16: bun*); iStock (lch 17)

* CC BY-NC-SA 2.0

Údaraítear atáirgeadh, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

Grianghraif faoi chóipcheart a úsáidtear san fhoilseachán seo, ní féidir iad a úsáid le haghaidh cuspoirí taobh amuigh den fhoilseachán seo ach amháin le cead sainráite ó shealbhóir an chóipchirt.

Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2015

Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

Clár Ábhair

Brollach agus réamhrá	4
Sláinte phoiblí na hEorpa a chosaint	5
Súil siar ar an mbliain: Cláir um ghalair agus gníomhaíochtaí na gclár	7
Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte.	8
Galair atá ag teacht chun cinn agus galair veicteoir-iompartha.	9
Galair bhia-iompartha agus uisce-iompartha agus galar na Léigiúnach	10
VEID, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus heipitíteas víreasach.	11
Fliú agus víris eile riospráide.	13
Eitinn	14
Galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú.	17
Cumarsáid sláinte.	19
Oiliúint	20
Faireachas ar ghalair agus ullmhacht agus freagairt do ghalair	21
Sracfhéachaint ar ECDC: figiúirí	22



Brollach ón gCathaoirleach ar an mBord Bainistíochta

Cé nach bhfuilim i mo Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) ach le tamaillín anuas, tá baint agam le forbairt ECDC le fada an lá. Dá bhrí sin, nuair a cheiliúir an Lárionad deich mbliana i mbun oibre, ní raibh sé deacair agam méid iomlán na n-éachtaí atá bainte amach ag an Lárionad le deich mbliana anuas a thuiscint. Rinneamar níos mó ná féachaint siar amháin sa bhliain 2015, áfach. Chuireamar a lán oibre dícheallaí i gcrích agus bhaineamar dul chun cinn cobhsaí amach le linn na bliana freisin:

- I gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta, chabhraigh an Lárionad le deireadh a chur le paindéim víreas Ebola san Afraic, rud nach bhfacthas a shamhail riamh. Stiúir ECDC roinnt misean allamuigh sa Ghuine mar chuid den obair sin.
- Cuireadh Cinneadh 1082/2013/AE* maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte i ngníomh.
- Sholáthair ECDC 42 mhearmheasúnú riosca chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún.
- D'fhorbair ECDC uirlisí nua lena dtugtar rochtain dhíreach ar shonraí do ghairmithe sláinte, don lucht déanta cinntí agus don lucht déanta beartas san Eoraip.

Ba mhaith liom an deis a thapú chun buíochas ó chroí a ghabháil le Françoise Weber, duine a bhfuil an-mheas air agus a bhí ina Chathaoirleach éifeachtúil ar an mBord Bainistíochta, agus le Marc Sprenger, a stiúir obair an Lárionaid ón mbliain 2010 go dtí an bhliain 2015. Le linn a théarma oifige, d'éirigh leis struchtúr eagrúcháin ECDC a chomhdhlúthú, d'fhorbair sé straitéis fhadtéarmach an Lárionaid agus rinne sé ionadaíocht don Lárionad ag cuid mhór ócáidí idirnáisiúnta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Andrea Ammon freisin, a chuaigh i mbun an róil mar Stiúrthóir Gníomhach i mí na Bealtaine 2015. Tá na torthaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo mar fhianaise ar an tiomantas rathúil a bhí aici do mhisean ECDC a bhaint amach, is é sin, an tsláinte phoiblí a chosaint san Eoraip.

*Daniel Reynders, Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta ECDC
15 Feabhra 2016*

* Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte



Réamhrá ón Stiúrthóir

Ní hé amháin gur chloch mhíle í an ócáid a bhí ar siúl an 22 Meán Fómhair 2015 chun deich mbliana d'obair ECDC a chomóradh, tugadh deis dúinn lena linn freisin machnamh a dhéanamh ar an méid atá déanta againn, ár gcuid éachtaí a cheiliúradh, agus féachaint amach romhainn ar na dúshláin a bheidh le sárú againn sa todhchaí. Mar sin, ní de thaisme a tháinig ECDC le chéile lena gheallsealbhoirí díreach tar éis na hócáide sin chun Comhchruinniú Straitéise a chur ar siúl.

Le linn na bliana seo a chuaigh thart, bhuail mé roinnt uaireanta le Kateřina Konečná Uas., ar Feisire de Pharlaimint na hEorpa agus teagmhálaí de chuid ECDC sa Pharlaimint í. Fónann sí ar an gCoiste um an gComhshaoil, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia freisin.

Chuir mé an Feisire ar an eolas faoin obair atá déanta againn ar ghalair, faoi thionscaddaíl atá le teacht agus faoin iarracht atá á déanamh againn áitreabh nua a áirithiú. Ba sa bhliain 2015 freisin a ullmhaíodh an chéad *Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2017–2019*, rud a gceanglaíonn an Coimisiún Eorpach ar gach Gníomhaireacht AE anois é a ullmhú.

Chuaigh gníomhaireachtaí Eorpacha i bpáirt le chéile chun obair a dhéanamh ar chur chuige an Aon Sláinte Amháin. Chomh maith leis sin, lean an Lárionad ar aghaidh le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach a chomhrac. Is fadhb í sin ar gá tuilleadh airde domhanda a thabhairt uirthi.

Sa bhliain 2015, rinne ECDC dlúthfhaireachán ar shreabhadh imirceach isteach san Eoraip chun sainaitheint thapa a dhéanamh ar aon rioscaí féideartha go dtiocfadh ráigeanna galair theagmhálaigh chun cinn i measc pobail dídeanaithe san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Rinne ECDC 89 saineolaí san iomlán a imscaradh chun cabhrú le ráig víreas Ebola a chomhrac san Afraic Thiar. Ba mhór ag an Lárionad an chabhair a fuarthas ó na Ballstáit ina leith sin. In éineacht le creat dlíthiúil Chinneadh 1082/2013/AE*, d'fhéadfadh an chabhair sin ré nua comhair a spreagadh idir sinn agus na Ballstáit.

Ón gcéad ráithe den bhliain 2015 i leith, tá ECDC ag déanamh faireachán ar scaipeadh ghalar víris Zika, agus an measúnú ar na rioscaí don Eoraip á nuashonrú aige go leanúnach. I mí na Nollag, d'fhoilsigh an Lárionad Mearmheasúnú Riosca ar víreas Zika agus ar an mbaint a d'fhéadfadh a bheith aige le micriceifealach agus le siondróm Guillain-Barré.

Tá beagnach deich mí dulta thart anois ó chuaigh mé i mbun oifige mar Stiúrthóir Gníomhach ar ECDC. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Marc Sprenger as an tiomantas atá léirithe aige do ECDC le cúig bliana anuas. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Bhord Bainistíochta ECDC as an muinín agus an iontaobh atá acu asam agus as an tacaíocht a thugann siad don Lárionad. Is é an aidhm atá agam mar Stiúrthóir Gníomhach feidhmiú réidh an Lárionaid a áirithiú agus leanfaidh mé ar aghaidh le déanamh amhlaidh go dtí go rachaidh Stiúrthóir nua i mbun oifige.

*Andrea Ammon, Stiúrthóir Gníomhach ar ECDC
20 Márta 2016*



Na daoine taobh thiar den obair chun sláinte phoiblí na hEorpa a chosaint: Tagann baill foirne ECDC le chéile lasmuigh den príomhfhoirgneamh don ghrianghraf bliantúil foirne

Sláinte phoiblí na hEorpa a chosaint

Cuireadh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) ar bun sa bhliain 2005 agus tá sé lonnaithe i Stócólm, an tSualainn. Is í an ghníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh atá freagrach as cosaintí na hEorpa in aghaidh galair thógálacha a neartú í. Déanann ECDC sainaithint agus measúnú ar bhagairtí reatha agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn ar shláinte an duine de bharr galair thógálacha agus cuireann sé faisnéis ar fáil faoi na bagairtí sin. Chomh maith leis sin, tacaíonn sé le Ballstáit an Aontais Eorpaigh maidir lena n-ullmhacht agus lena bhfreagairt do bhagairtí den sórt sin. Cuireann an Lárionad comhairle eolaíoch ar fáil do Bhallstáit AE/LEE agus is foinsé iontaoifa faisnéise é ina réimse féin.

Amhail 31 Nollaig 2015, bhí 260 ball foirne reachtúla ag ECDC, agus iad ag gabháil do na cúraimí seo a leanas: faireachas ar ghalair, ráigeanna a bhrath, comhairle eolaíoch a thabhairt, teicneolaíocht faisnéise, cumarsáid agus riarachán. Bhí buiséad EUR 58.4 milliún ag ECDC sa bhliain 2015.

Ceann de na príomhláidreachtaí atá ag ECDC is ea an cumas atá aige freagairt go tapa d'epidéimeolaíocht athraitheach na ngalar tógálach. Déanann ECDC trí chóras a fheidmiú agus a chothabháil. Tá gach ceann díobh riachtanach

maidir le gné shonrach amháin de rialú galar, mar a leanas: EWRS (foláirimh maidir le bagairt a bhrath), EPIS (faisnéis epidéime), agus TESSy (faireachas ar ghalair).

Leis an *gCóras Luathrabhaidh agus Freagartha maidir le Bagairtí Sláinte Poiblí* (EWRS), cumasaítear do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach foláirimh a sheoladh maidir le heachtraí sláinte ar gá freagairt chomhordaithe a thabhairt dóibh ar leibhéal AE. Baineadh úsáid rathúil as an gcóras cheana féin le haghaidh roinnt ráigeanna, mar shampla, SARS, flúí paindéime A(H1N1) agus, an ceann is déanaí díobh, víreas Ebola.

Ardán slán Gréasánbhunaithe cumarsáide is ea an *Córas Faisnéise Epidéime* (EPIS), rud lena gcumasaítear do ECDC faisnéis epidéimeolaíoch a mhalartú lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta d'fhonn na gnáthchomharthaí rabhaidh sin a thagann roimh ráigeanna galair a bhrath.

Córas an-solúbtha bunachar sonraí maidir le sonraí a bhailiú faoi ghalair is ea an *Córas Eorpach um Faireachas (TESSy)*. Tá gach ceann de na haon tír is tríocha d'AE/de LEE incháilithe chun sonraí faoi ghalair thógálacha a thuairisciú don chóras.



Trealamh cosanta pearsanta: Faigheann comhaltaí EPIET spléachadh ar shaol an oibrí sláinte i gcrios ráige víreas Ebola

Teagasc agus oiliúint

Tá sainordú soiléir oiliúna ag ECDC. Seolann an Lárionad lear mór gníomhaíochtaí oiliúna gach bliain. Tá an Clár Eorpach um Oilíúint san Epidéimeolaíocht Idirghabhála (EPIET) dá chuid ar an aon chláir epidéimeolaíochta allamuigh amháin atá ar fáil san Eoraip. Tá an clár bunaithe ar an mbuntuiscint go bhfuil sraith chomhchoiteann caighdeán epidéimeolaíoch ag teastáil chun an tsláinte phoiblí san Eoraip a chothabháil agus a fheabhsú. Mar chuid dá n-oideachas, caitheann comhaltaí EPIET tréimhse shuntasach ama i saoráidí sláinte poiblí lasmuigh dá dtír dhúchais. Fágann sé sin go mbíonn siad ábalta an dearcadh uathúil sin a thabhairt ar ais chuig a n-institiúidí náisiúnta ina dhiaidh sin.

Leis an gClár Eorpach um Oilíúint sa Mhicribhitheolaíocht don tSláinte Phoiblí (EUPHEM), comhlánaítear an obair a dhéantar faoi EPIET agus tairgtear oiliúint phraiticiúil i dteicnící tástála i saotharlanna micribhitheolaíochta ar fud AE agus san Iorua.

Fothú acmhainní

I gcomhar le saineolaithe ó gach tír AE, déanann ECDC modheolaíochtaí caighdeánaithe, ábhair oiliúna agus cúrsaí oiliúna don oiliúinóir a fhorbairt go rialta lena n-úsáid sna Ballstáit. Ní hé amháin go gcuireann comhaltaí agus iarmhích léinn de chuid chlár oiliúna ECDC feabhas ar an saineolas

teicniúil atá acu, forbraíonn siad fóirdhearcadh Eorpach ar an epidéimeolaíocht freisin. I measc nithe eile, cabhraíonn an dearcadh sin leo imscrúduithe galair trasteorann a dhéanamh agus caighdeán Eorpacha nua a chur chun feidhme, amhail sainmhínte cáis ar ghalair infhógartha.

Ullmhacht

Tacaíonn ECDC leis na Ballstáit pleananna ullmhachta a fhorbairt, agus é mar aidhm leo íoslaghda a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag éigeandálaí sláinte amhail ráigeanna flúú paindéime nó allmhairiú fiabhras fuilreatha víreasach atá an-tógálach. Déantar freagairtí éigeandála a thástáil go rialta tríd chleachtaí ionsamhlúcháin. Tá modúil bhreise oiliúna ar fáil freisin lena gcumasáitear do na Ballstáit a gcleachtaí ionsamhlúcháin féin a dhéanamh.


Comhairle eolaíoch

Tionólann ECDC painéil saineolaithe go rialta chun comhairle eolaíoch a fhorbairt d'AE ar ghalair thógálacha. Ag brath ar an leibhéal fianaise atá ar fáil agus ar an modheolaíocht a úsáidtear, is i dTreoir dhoiciméad, in Athbhreithniú Córasach nó i dTuairim Shaineolach a chuirtear an chomhairle sin ar fáil de ghnáth. Tugadh na catagóirí sin isteach i mí an Mhárta 2015, agus marcáiltear gach foilseachán sa chatagóir comhairle eolaíche dá réir.

2015

Súil siar ar an mbliain:

Cláir um ghalair agus
gníomhaíochtaí na gclár



Is é streiptimíceas an géineas is mó a chruthaíonn antaibheathaigh. Cruthaíonn sé ábhair fhrithbhaictéaraacha, antafhungasaigh agus ábhair imdhíonsochtacha

Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte

Beag beann ar na héachtaí a baineadh amach le déanaí, tá easpa feasachta ann ina lán Ballstát go fóill ar úsáid stuama a bhaint as antaibheathaigh, go háirithe i gcomhar le bearta chun ionfhabhtú a chosc agus a rialú. Níor thosaigh na Ballstáit ach le déanaí ar an dea-chleachtas a chomhroinnt le chéile maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte a chosc agus a rialú. Tá ECDC agus a chompháirtithe ag obair anois chun an scéal sin a athrú.

I gcomhar leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), d'fhoilsigh ECDC an chéad tuarascáil chomhpháirteach uathu maidir leis an anailís chomhtháite ar thomhailt oibreán antaimhiocróbach agus ar leithéadúlacht frithsheasmhachta in aghaidh ábhar frithmhiocróbach i mbaictéir ó dhaoine agus ó bhia-ainmhithe. Baineadh leas as cur chuige an Aon Sláinte Amháin i leith frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach nuair a bhí an tuarascáil sin á cur le chéile agus aithnítear inti go bhfuil sláinte an duine dlúthnasctha le sláinte ainmhithe agus leis an gcomhshaol.

D'fhoilsigh ECDC an dara measúnú uaidh maidir le scaipeadh carbaipeineimfhriotáíoch Enterobacteriaceae san Eoraip, áit ar

thairfead sé gur thuairiscigh 34 % de na tíortha in AE/LEE go raibh scaipeadh idir-réigiúnach nó staid eindéimeach ann. Ní raibh an céatadán sin ach cothrom le 15 % dhá bhliain níos luaithe ná sin sa bhliain 2013 (i gcás sé thír).

I mí na Samhna, d'éisigh ECDC an nuashonrú bliantúil uaidh ar shonraí AE faoi frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus faoi thomhailt ábhar frithmhiocróbach. Áiríodh leis an nuashonrú sin na sonraí ar fad atá ar fáil ó bhunachair shonraí thiomnaithe EARS-Net* agus ESAC-Net**.

Mar chuid den Chéad Seachtain Feasachta Domhanda maidir le hÚsáid Antaibheathach, ócáid ar eagraigh EDS í, ghlac níos mó ná 40 tír ar fud na hEorpa páirt sa Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach an 18 Samhain. Reáchtáladh imeachtaí agus feachtais náisiúnta le linn an lae chun úsáid stuama antaibheathach a chur chun cinn. I measc na n-imeachtaí sin, bhí comhrá Eorpach ar siúl ar Twitter an 18 Samhain inar nascadh an Eoraip, na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil agus an Nua-Shéalainn le chéile leis an haischlib [#AntibioticResistance](#).

* An Líonra Eorpach Faireachais um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach

** An Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Thomhailt Ábhar Frithmhiocróbach



Agus é á chumhachtú le própán, astaítear leis an ngaiste muiscíte seo gal CO₂, teas agus taise chun muiscítí a mhealladh agus a cheapadh

Galair atá ag teacht chun cinn agus galair veicteoir-iompartha

Mar gheall gur ionfhabhtaíodh 28 000 duine agus go bhfuair 11 000 duine bás lena linn, ba go príomha ar ráig víreas Ebola san Afraic Thiar a dhírigh an clár um ghalair atá ag teacht chun cinn agus galair veicteoir-iompartha (EVD) le linn na bliana.

Mar sin féin, bhí roinnt ráigeanna agus eipidéimí suntasacha eile EVD ann le linn na bliana 2015 freisin. Ba iad sin: víreas Zika, fiabhras athiompartha míol-iompartha, bornaivírís, fiabhras Chikungunya, fiabhras Q agus sisteasóimíáis.

I gcomhthreo lena chuid oibre ar ráigeanna, d'eisigh Clár EVD léarscáileanna nuashonraithe dáileacháin ar veicteoirí galair amhail muiscítí, sceartáin agus míoltóga gainimh agus lean sé ar aghaidh le sonraí fíor-ama a fhoilsiú ar chásanna fhiabhras na Níle Thiar san Eoraip.

Maidir le heipidéim víreas Ebola a tháinig chun cinn san Afraic Thiar i mí an Mhárta 2014, bhí sí ar an gcéad eachtra éigeandála ar thug ECDC agus a chomhpháirtithe aghaidh uirthi faoi Chinneadh 1082/2013*. I mí na Samhna 2014, nuair a bhí líon suntasach ráigeanna áitiúla víreas Ebola fós ag teacht chun cinn sa Ghuine, d'iarr Lárionaid na Stát Aontaithe um Ghalair a Chosc agus a Rialú agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte araon ar ECDC tacú le gníomhaíochtaí rialú faireachais sa Ghuine

trí shaineolaithe a bhfuil Fraincis acu a imscaradh chuig an tír. Ceithre seachtaine ina dhiaidh sin, sheol ECDC na chéad saineolaithe dá chuid chuig an nGuine. Ba trí Líonra Domhanda EDS um Fholáireamh agus Freagairt Ráige a comhordaíodh imscaradh na saineolaithe uile ó ECDC. Rinneadh an obair sin ar fad i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach. Faoi dheireadh oifigiúil an mhísín i mí Dheireadh Fómhair 2015, bhí 89 saineolaí sannta ag ECDC lena n-imscaradh san Afraic Thiar.



Ar an láthair sa Ghuine: Tarik Derrough (ina sheasamh), eipidéimeolaí de chuid ECDC, agus é ag obair ar an láthair in Guéckédou, an Ghuine

** Chinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte*



A bhfuil le vacsaíniú agus le bearta eile a ghlacadh sa dóigh a mbainistítear táirgeadh éineola, tá laghdú tagtha ar an líon d'ionfhabhtuiche Salmonella enterica serovar Enteritidis sa Ríocht Aontaithe. Beag beann ar an laghdú sin, bhí roinnt ráigeanna d'fhagach-chineál Salmonella enteritidis 14b (PT14b) ann sa Ríocht Aontaithe, agus iad nasctha le huibheacha sicín a tháinig ó áiteanna lasmuigh den Ríocht Aontaithe.

Galair bhia-iompartha agus uisce-iompartha agus galar na Léigiúnach

Tá gealladh faoi theicneolaíochtaí nua maidir le faireachas cruinn cost-éifeachtúil a dhéanamh ar ghalair. Ina measc sin tá teicneolaíochtaí lena ndéantar tíopáil mhóilíneach uathoibríthe agus cinn lena ndéantar seicheamhú géanóim iomláin ar phataiginí. Tacaíonn ECDC leis an bhforbairt sin agus tugann sé cúnadh do gach Ballstát atá ag iarraidh seicheamhú géanóim iomláin a chur chun feidhme ar mhaithe le gnáthfhaireachas a dhéanamh ar ghalair bhia-iompartha agus uisce-iompartha agus ar mhaithe le himscrúdú a dhéanamh ar ráigeanna na ngalar sin araon.

Lá éigin, beidh seicheamhú uathoibríthe géanóim iomláin ar an modh caighdeánach a úsáidfear chun paitiginí bia-iompartha agus uisce-iompartha a shainaithint chun críocha sláinte poiblí a chosaint. Eagraíochtaí a ghlacann leis an teicneolaíocht nua sin, is dóigh go mbainfidh siad coigilteas suntasach amach ó thaobh ama agus airgid araon de.

Mar chuid de chur chuige an Aon Sláinte Amháin, d'fhorbair ECDC, EFSA agus na saotharlanna tagartha Eorpacha an bonneagar teicniúil agus oibriúcháin do bhunachar sonraí tíopála móilíní arna óstáil ag ECDC. Cumhdaítear leis an mbunachar sonraí sin trí mhórphataigin (*Listéire*, *Salmonella* agus *VTEC*) agus aonraigh ó bhia agus bheathaí, ó dhaoine

agus ó ainmhithe. Bíonn úsáid mhéadaitheach á baint as sonraí móilíneacha san fhaireachas ar leibhéal AE toisc gur bealach éifeachtúil é teacht ar chomharthaí nach bhféadfai a bhrath ar shlí eile.

I nDeireadh Fómhair 2015, d'fhoilsigh grúpa saineolaithe FWD-NEXT tuairim shaineolach maidir le modhanna tíopála den chéad ghlúin eile a thabhairt isteach do ghalair bhia-iompartha agus uisce-iompartha in AE. Cumhdaítear an próiseas iomlán tíopála sa doiciméad sin, idir sholáthar samplaí, sheicheamhú, anailís sonraí agus chomhroinnt sonraí.

Sa bhliain 2015, lean ECDC ar aghaidh lena scéim um measúnú seachtrach cáilíochta ar mhaithe le caighdeán na micribhitheolaíochta sláinte poiblí a ardú agus ar mhaithe le hacmhainn leordhóthanach le haghaidh tástáil mhicribhitheolaíoch a chinntiú sna Ballstáit uile.



Heipitíteas B: 'Bíonn an víreas ann sna háiteanna is neamhchoitianta.' Póstaer a bhí in airde i stáisiún traenach in Düsseldorf, an Ghearmáin, mar chúid d'fheachtas sláinte poiblí

VEID, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus heipitíteas víreasach

Is ag a lán Ballstát atá seirbhísí ilroinnte coiscthe agus cúram le haghaidh VEID, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus heipitíteas víreasach – rud a chuireann infheictheacht agus inbhuanaitheacht airgeadais na seirbhísí agus, ar deireadh thiar, cosc agus rialú éifeachtach na ngalar i mbaol. Thacaigh ECDC leis na Ballstáit an ilroinnt sin a shárú trína n-aird a tharraingt ar an dea-chleachtas fianaisebhunaithe sa réimse sin.

Lean ECDC ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar Dhearbhú Bhaile Átha Cliath maidir le VEID/SEIF a chomhrac san Eoraip agus san Áise Láir agus d'fhoilsigh sé tuarascáil chuimsitheach faireacháin ina leith, rud a raibh sé achoimre fianaise agus sé thuarascáil théamacha theicniúla ag gabháil leis.

Le linn na Seachtaine Eorpaí um Thástáil VEID-Heipitítis i mí na Samhna, d'eisigh ECDC *Aimsitheoir Tástála*, ar uirlis cuardaigh ar líne é lena nochtar an suíomh is gaire inar féidir tástáil VEID a fháil ach postchód nó ainm cathrach a chur isteach. Chomh maith leis sin, chruthaigh ECDC uirlis samhaltaithe VEID chun cabhrú leis na Ballstáit an líon de chásanna VEID agus leitheadúlacht an ghalair ina dtír a mheas. Leis an uirlis sin, baintear leas as sonraí faireachais chun meastachán a dhéanamh ar an líon daoine a bhfuil VEID orthu, an líon ionfhabhtuithe nua a bhíonn ann gach bliain, an meán-am

a théann thart idir ionfhabhtú agus diagnóisú, agus an líon daoine a bhfuil cóireáil ag teastáil uathu.

Le linn na bliana, lean ECDC ar aghaidh le comhordú a dhéanamh ar an bhfaireachas ar ionfhabhtuithe VEID ar leibhéal AE. Rinneadh an tuarascáil bhliantúil *HIV/AIDS surveillance in Europe* (Faireachas ar VEID/SEIF san Eoraip) a fhoilsiú don Lá Domhanda SEIF an 1 Nollaig. Ullmhaíodh an tuarascáil i gcomhpháirt le hOifig Réigiúnach EDS don Eoraip.


I mí Iúil, d'fhoilsigh ECDC tuarascáil faireachais inar léiríodh na treochtaí is déanaí maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach gonococasach.

Maidir leis an obair ar mheastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag an treoir maidir le clamaidia ó ECDC, cuireadh i gcrích í agus foilsíodh í sa tuarascáil: *Qualitative evaluation of the impact of the 2009 ECDC guidance document 'Chlamydia control in Europe'* (Meastóireacht cháilíochtúil ar an tionchar a bhí ag an treoirchoiméad 'Rialú clamaidia san Eoraip' arna fhoilsiú ag ECDC sa bhliain 2009).

Sa bhliain 2015, forbraíodh treoir maidir le scagadh réamhbhreithe a dhéanamh i gcomhair ionfhabhtuithe éagsúla gnéas-tarchurtha, heipitítis agus VEID. Foilsíodh an treoir sin in earrach na bliana 2016.


Influenza viruses circulating in 2014–2015

Only sentinel specimens are included



Influenza intensity in week 16


based on sentinel reports of influenza-like illness and/or acute respiratory infections



Bubble size is indicative of country population

Influenza trend

based on the percentage of sentinel specimens found positive, by week





Samplaí á dtástáil i gcomhair tréithchineálacha fliú éanúil

Fliú agus víris eile riospráide

Bíonn fliú séasúrach ina chúis le méid suntasach galrachta agus mortláochta gach bliain. Déantar ualach an fhliú shéasúraigh níos measa fós de bharr fliú zónóiseach agus víris eile riospráide atá ag teacht chun cinn. Is bagairtí ar an tsláinte phoiblí iad sin freisin.

Tá faireachas láidir víreolaíoch agus eipidéimeolaíoch ag teastáil chun cláir Eorpacha um vacsaíniú in aghaidh fliú séasúrach a threorú. Sa bhliain 2009, rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh Moladh a ghlacadh lena leagtar síos sprioc go ndéanfaí vacsaíniú ar 75 % de dhaoine scothaosta agus de dhaoine i ngrúpaí eile atá i mbaol.

Tugann ECDC tacaíocht do Bhallstáit AE agus iad ag féachaint le bheith ullamh (do phaindeimí), mar shampla, trí mhéadú a dhéanamh ar an bhfaireachas ar fhliú nó trí thacú le bearta atá i gcomhréir le Cinneadh 1082/2013/AE maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte.

Lean ECDC ar aghaidh leis an gclár comhpháirteach faireachais ar fhliú atá ar bun aige le hOifig Réigiúnach EDS don Eoraip. Agus iad ag obair i gcomhar le EDS arís, chuir saineolaithe fliú de chuid ECDC leis an bhfeasachán *Flu News*

Europe. Is feasachán seachtainiúil don Eoraip maidir le fliú séasúrach é.

Ba trí fheidhm faisnéise eipidéime ECDC a rinneadh faireachán fíor-ama ar víris fliú zónóisigh agus ar víris eile riospráide atá ag teacht chun cinn. Déanann ECDC measúnú rialta ar an riosca a ghabhann leis na víris sin, go háirithe nuair a thuairiscítear cásanna neamhghnácha a bhaineann leis an duine nó cinn nach rabhthas ag súil leo, agus foilsíonn sé na torthaí ar na measúiníthe ina dhiaidh sin. Den 42 mhearmheasúnú riosca ar fhoilsigh ECDC iad sa bhliain 2015, bhain 14 cinn (33 %) le fliú nó le víris eile riospráide.

Thacaigh ECDC le roinnt staidéar ar éifeachtacht na vacsaíní in aghaidh fliú séasúrach san Eoraip. An fhianaise ar thábhachtas uirthi ar lagéifeachtacht na vacsaíní a úsáideadh le linn an tséasúir 2014–15, bhí sí ina rabhadh tábhachtach do na húdaráis sláinte sna Ballstáit agus, dá bharr sin, tugadh spreagadh dóibh breithniú a dhéanamh ar úsáid a bhaint as roghanna eile, amhail drugaí frithvíreasacha, do ghrúpaí pobail atá in ardbhaol.

Ar chlár: Á choinneáil ar an eolas faoin líon cásanna fliú: Le linn an tséasúir fliú, d'fhoilsigh ECDC grafaicí seachtainiúla lenar tugadh achoimre fhíorúil ar na sonraí fliú ar fad.



Fial ina bhfuil tiúibeirclin. Instealltar dáileog de dhá aonad tiúibeircline i dtuaslagán 0.1 ml faoi shraith uachtair an chraicinn agus seiceáiltear na torthaí idir 48 n-uaire agus 72 uair ina dhiaidh sin. Tugtar teicnic Mantoux ar an gcineál sin d'instealladh indeirmeach.

Eitinn

Ar an Lá Feasachta Domhanda maidir le hEitinn, sheol ECDC agus Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip eagrán nuashonraithe den tuarascáil chuimsitheach eitinne uathu: *Tuberculosis surveillance and monitoring in Europe 2015* (Faireachas agus faireachán ar eitinn san Eoraip 2015).

Don Lá Feasachta Domhanda maidir le hEitinn sa bhliain 2015, dhírigh ECDC ar thrí phríomhtheachtaireacht a chur in iúl:

- Má leanann an ráta bliantúil reatha laghdaithe 6% ar chásanna eitinne ar aghaidh, is ón gcéad seo chugainn amháin a bheidh AE/LEE saor ón ngalar. Mar sin, má tá an Eoraip chun deireadh a chur leis an ngalar faoin mbliain 2050, mar shampla, beidh uirthi an ráta bliantúil laghdaithe a mhéadú faoi dhó ar a laghad.
- Teastaíonn idirghabhálacha saincheaptha ón Eoraip. I bhformhór na dtíortha nach bhfuil an galar ach ar bheagán minicíochta iontu, tá na rátaí eitinne cobhsaí nó tá siad ag laghdú go han-mhall. Is de bhunadh eachtrach iad formhór na n-othar eitinne sna tíortha sin. Maidir leis na tíortha sin ina bhfuil ardmhinicíocht cásanna eitinne, déileálann siad le rátaí níos airde ath-ionfhabhtaithe agus athiompaithe agus



tuairiscíonn siad níos mó cásanna eitinne ina bhfuil an galar frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí.


- Ní bheifear in ann deireadh a chur le heitinn ach amháin má úsáidtear na huirlisí agus na hidirghabhálacha atá ann cheana féin ar bhealach níos éifeachtúla agus má úsáidtear modhanna nua agus níos éifeachtúla chun na huirlisí agus na hidirghabhálacha sin a chomhlánú.

I mí an Mhárta, thacaigh ECDC leis an *gcéad chomhdháil Aireachta de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir ar eitinn agus ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ildrugaí*, rud ar eagraigh Uachtaránacht na Laitvia ar AE é.

In achoimre fianaise a soláthraíodh don lucht déanta beartas, leag ECDC amach na roghanna atá ar fáil againn chun deireadh gníomhach a chur le heitinn. Cuireadh roinnt treoirthuarascálacha eolaíoch ar eitinn le chéile ansin agus tosaíodh ar obair chun tacú le cúig thír a bhféachann EDS orthu mar thíortha ardtosaíochta.

Barr ar chlé: Baictéir ghrám-dheimhneacha mycobacterium tuberculosis. Barr láir: Drugaí eitinne, ospidéal eitinne do leanaí, an Rómáin. Barr ar dheis: Coimeádáin le haghaidh scrúdú seile: Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croíse Deirge agus an Chorráin Dheirge. Lár ar dheis: Íoclann in ospidéal eitinne do leanaí, an Rómáin. Bun: Stáisiún oibre radagrafaíochta.





Barr ar chlé: 'Seans go mbeidh sé seo beagáinín nímheach.'
Barr láir: Cárta vacsaínithe
Barr ar dheis: Instealladh fliú ag ECDC
Lár ar dheis: Feachtas vacsaínithe ar réachtáil NHS
Employers, an Ríocht Aontaithe, é
Bun: Naíonán in oifig an dochtúra



Galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú

Ceann de na móréachtaí sláinte poiblí atá bainte amach le roinnt blianta anuas is ea cur chun feidhme na gclár éifeachtach náisiúnta um vacsaíniú ar fud na hEorpa. Galair thógálacha ar ghnách leo a bheith ina gcúis leis na mílte bás i measc leanaí gach bliain, is amhlaidh go bhfuil siad an-annamh anois.

Tá dúshlán ann roimh chlár um vacsaíniú, áfach. Mar sin, bítear ag iarraidh níos mó agus níos mó ar ECDC ról réamhghníomhach a imirt mar ghníomhaire eolais agus mar sholáthraí cúnamh theicniúil. Tá na nithe seo a leanas i measc samplaí de na dúshlán lena mbaineann: an baol go bhfillfidh póilió (ar cuireadh deireadh leis san Eoraip sa bhliain 2002) ar ais ar an ilchríoch; pobail mhóra nach bhfuil vacsaínithe nó atá tearcvacsaínithe ar fud AE (pobail chruinnithe nó pobail scaipthe); ráigeanna leanúnacha galar amhail bruitíneach agus bruitíneach dhearg; agus fianaise go bhféadfadh go mbeadh an bonn á bhaint ó roinnt clár um vacsaíniú, mar shampla an ceann do thriuch, mar gheall go bhfuil éifeachtacht na vacsaínithe ag dul i léig nó mar gheall ar athruithe ar an bpataigin lena mbaineann.

Cuireadh ocht ngalar atá inchoiscthe trí vacsaíniú leis an *Atlas Faireachais maidir le Galair Thógálacha*, ar uirlis nua ar líne é atá an-úsáideach do dhaoine a oibríonn sa réimse sláinte poiblí agus óna dteastaíonn sonraí stairiúla, tapa agus iontaoifa faoi ghalair. Pléadh leis an mbraiteoireacht i leith vacsaíniú in dhá thuarascáil; iniúchadh braiteoireacht i leith vacsaíniú i measc oibríthe cúram sláinte le linn comhdháil

uile-Eorpach; agus, ar iarraidh ón gCoimisiún Eorpach, rinne ECDC faireachán ar an bhfáil ar roinnt vacsaínithe a bhí in easnamh san Eoraip.

Tá an *Sceidealóir Vacsaínithe AE* fós ar cheann de na gnéithe is mó tóir ar thairseach gréasáin ECDC. Tugadh thart ar 400 000 cuairt air sa bhliain 2015.

Cuireadh roinnt vacsaínithe nua ar fáil san áit mhargaidh, agus an chuid is mó díobh dírithe ar dhaoine fásta chun cabhrú leo galair thromchúiseacha a sheachaint sa mheánaois agus ionfhabhtuithe faille a chomhrac sa tseanaois. Sa bhliain 2015, thosaigh ECDC ar iniúchadh a dhéanamh ar imdhíonadh i measc daoine fásta, agus é mar aidhm aige sceidil vacsaínithe a bhunú lena rachfar thar aois an pháiste agus an ógánaigh agus lena gcumhdófar an tréimhse saoil ar fad. Sa chomhthéacs sin, teastaíonn uainn go ndéanfar tuilleadh staidéar iltíre ar éifeachtacht vacsaínithe, ar shábháilteacht vacsaínithe agus ar chumhdach vacsaínithe.

Sa bhliain 2015, chuir ECDC feabhas ar na bunchórais faireachais le haghaidh treacha agus galar níumacocúil ionrach. Is trí líonraí ospidéalbhunaithe a dhéantar faireachas ar an dá ghalar, áit a n-oibríonn saineolaithe leabharlainne, eipidéimeolaithe agus cliniceoirí le chéile chun cásanna a bhrath agus a dhiagnóisiú a luaithe is féidir.



D'fhéadfaí a rá gurb iad vacsaínithe an t-éacht is mó atá bainte amach sa tsláinte phoiblí go dtí seo.

Salmonellosis

Just the tip of the iceberg



Salmonella infections are among the most common food-borne infections affecting humans in the EU. However, the reported case numbers are much lower than the actual number of circulating infections. ECDC has developed a tool that estimates the frequency of exposure to *Salmonella*, which is much closer to the true incidence of *Salmonella* in the population than the reported number.



The number of yearly reported cases (white) is represented by the tip of the iceberg, while the estimated frequency of exposure to *Salmonella* (orange) is shown as the rest of the iceberg.

① Ireland 350	⑤ Austria 1 800	⑨ France 6 300
② Romania 400	⑥ Finland 2 800	⑩ Italy 6 520
③ Greece 480	⑦ Spain 3 400	⑪ Netherlands 6 590
④ Denmark 1 680	⑧ Sweden 4 000	⑫ United Kingdom 10 400
		⑬ Poland 16 000

Numbers are rounded to the nearest ten thousand. For some countries, cases were reported by year, and for others it is an average of two or more years depending on the years of serum collections. Original article: Melbak K, Simonsen J, Jørgensen C, Kroghfelt K, Falkenhorst G, Ethelberg S, et al. Seroprevalence of human infections with non-typhoid *Salmonella* compared with data from public health surveillance and food animals in 13 European countries. *Clin Infect Dis.* (2014) 59 (11): 1599-1606.

Cumarsáid sláinte

Gné riachtanach den obair a dhéanann ECDC is ea cumarsáid a dhéanamh maidir le rioscaí agus le géarchéimeanna, bunaithe ar mheastóireacht neamhspleách ar rioscaí sláinte poiblí. Is féidir leis an gcumas chun faisnéis a sholáthar faoi bhagairtí ar an tsláinte phoiblí cabhrú le staid géarchéime a mhaolú ina lán cásanna, fad atá an fhaisnéis sin fóna ó thaobh cúrsaí eolaíochta agus teicniúla de.

D'fhoilsigh ECDC 170 tuarascáil san iomlán sa bhliain 2015, lenar áiríodh 42 mhearmheasúnú riosca agus 83 tuarascáil faireachais. Ba go 2312 dhuine a mhéadaigh an líon daoine atá cláraithe leis an ríomhphost míosúil a fháil ar fhoilseacháin. *Weekly Influenza Surveillance Overview* ó ECDC agus *Flu News Europe*, ar feasachán Gréasánbhunaithe a tháirgtear i gcomhar le EDS é, cónascadh iad sa bhliain.

Sa Chlár Straitéiseach Ilbhliantúil 2014–2020 ó ECDC, leagtar béim ar an ngá atá ann le sonraí an Lárionaid a chur ar fáil i bhformáidí idirghníomhacha ar líne lena mbaineann breisluach. Mar sin, bíonn iarracht mhéadaitheach á déanamh ag ECDC sonraí, graif, léarscáileanna agus grafaicí faisnéise a fhoilsiú ar a thairseach gréasáin mar shócshainní in-íoslódáilte atá saor ó chóipcheart. A bhfuil leis an gcur chuige sin, bíonn sé éasca ag comhpháirtithe agus ag geallsealbhóirí ábhar ó ECDC a úsáid ina dtáirgí cumarsáide féin.

Rinneadh an rannán *Sonraí agus Uirlisí* de thairseach gréasáin ECDC a leathnú sa bhliain agus is pointe iontrála é anois do stór sonraí idirghníomhacha, léarscáileanna agus grafaicí faisnéise. Uirlisí nua amháil *Atlas Faireachais ECDC maidir le Galair Thógálacha*, ar atlas idirghníomhach é, is féidir iad a rochtain trí shuíomh gréasáin ECDC freisin.

Beag beann ar an spéis laghdaitheach a bhí ann i víreas Ebola, ba chobhsaí a bhí an líon cuairteanna ar thairseach gréasáin

ECDC sa bhliain. Taifeadadh 1 160 000 seisiún ar an suíomh gréasáin sa bhliain 2015, i gcomparáid le 1 200 000 ceann sa bhliain 2014. Tháinig méadú ar an líon leantóirí atá ag ECDC ar Twitter, agus é ag méadú ó 9 000 duine go 12 600 duine. Tá cuntas ar leith lena bpléitear le ráigeanna amháin ag ECDC ar Twitter agus mhéadaigh líon leantóirí an chuntais sin ó 700 duine sa bhliain 2014 go thart ar 1 100 duine sa bhliain 2015. Mar a tharla, bhí an treocht sin le tabhairt faoi deara i measc gach cuntais atá ag ECDC ar Twitter.

I gcaitheamh na bliana, chuir ECDC seirbhís ghairmiúil preasoifige ar fáil d'iriseoirí sláinte. Agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an gCoiste Slándála Sláinte, rinne ECDC rannchuidiú maidir leis an bhfreagairt cumarsáide do víreas Ebola ar fud AE. Mar shampla, chuir sé leis an gcomhdháil dar teideal *Ebola Lessons Learned* (Ebola: Na Ceachtanna a Foghlaimíodh) ar réachtáil an Coimisiún Eorpach í i mí Dheireadh Fómhair 2015.

I mí na Samhna, ghlac breis agus 40 tír ar fud na hEorpa páirt i ngníomhaíochtaí a bhain leis an Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach 2015, agus feachtais maidir le húsáid stuama antaibheathach á gcur ar siúl lena linn. Chomh maith leis sin, d'oirbhig ECDC i gcomhpháirt le EDS chun an chéad Seachtain Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach a réachtáil. D'eagraigh sé comhrá domhanda ina leith ar Twitter an 18 Samhain freisin.

Lean ECDC ar aghaidh le huirlisí cumarsáide sláinte a fhorbairt agus le tacaíocht a thabhairt do thíortha feabhas a chur ar an gcumarsáid a dhéanann siad maidir le rioscaí. Sampla amháin den obair sin is ea na hábhair agus na tacair uirlisí ar ullmhaigh foireann cumarsáide ECDC iad sa bhliain 2015 mar chuid d'fheachtais ar ghalair atá inchoiscthe trí vacsaíniú.

Ar chlé: An ghrafaic faisnéise ar shalmanallóis ó ECDC. Comhroinneann ECDC grafaicí faisnéise atá saor ó chóipcheart trí na cuntais atá aige ar na meáin shóisialta agus trína shuíomh gréasáin.



Zoltán Kis, céimí chlár EUPHEM de chuid ECDC, agus Anne Brüggemann (Ollscoil Marburg, Institiúid na Víreolaíochta), comhghleacaí leis, agus iad ag obair i saotharlann allamuigh arna hoibriú ag an gCuibhreannas Eorpach um Shaotharlanna Soghluaiste; Guéckédou, an Ghuine

Oiliúint

Bíonn ag éirí go geal leis an dá chraobh de Chlár Comhaltachta ECDC go fóill, is iad sin, EPIET agus EUPHEM. Earcaíodh cohórt nua 38 gcomhalta sa bhliain 2015. Bhí 77 gcomhalta ann ag deireadh na bliana, an chéad rannpháirtí riamh ón gCróit ina measc. Reáchtáil an clár 20 cuairt oiliúna ar an láthair agus d'eagraigh sé naoi gcinn de mhodúil agus de chúrsaí oiliúna.

Leanadh ar aghaidh le saineolaithe sinsearacha a mhealladh sa chlár sa bhliain 2015, agus dháréag saineolaithe cláraithe cheana féin don chúrsa sa bhliain 2016. Ghlac 105 shaineolaí san iomlán ó Bhallstáit AE – idir shaineolaithe i lár a ngairme agus shaineolaithe sinsearacha – páirt i gcúrsaí ar orgánaigh atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugáí, i gcúrsaí ar mhearmheasúnú riosca in éigeandálaí casta, i gcúrsaí eipidéimeolaíochta agus faireachais, agus i gcúrsaí san anailís amshraitheanna. D'óstáil Scoil Samhraidh ECDC 30 rannpháirtí ó 20 Ballstát d'AE/de LEE, 15 rannpháirtí ó thíortha MediPIET, agus 18 saineolaí inmheánacha sa bhliain.

Is é cuibhreannas Spáinneach a chomhordaíonn MediPIET anois, arb é an clár réigiúnach oiliúna eipidéimeolaíochta allamuigh ar fhorbair ECDC é sa bhliain 2012/2013 don réigiún

Meánmhúir é. Mar sin féin, tá an clár faoi cheannaireacht eolaíoch ag ECDC go fóill. Déanann ECDC cathaoirleacht ar Bhord Comhairleach Eolaíoch MediPIET freisin. Is é an Coimisiún Eorpach a chistíonn an clár.

Sa bhliain 2015, cuireadh Acadamh Fíorúil ECDC i mbun feidhme. Is ardán le haghaidh foghlaim ar líne agus foghlaim chumaisc é. Forbraíodh an chéad chúrsa ríomhfhoghlama riamh ar an scríbhneoireacht eolaíoch theibí sa bhliain. Thriail 30 duine an cúrsa nuair a tairgeadh den chéad uair é.

D'fhoilsigh ECDC páipéar oibre ar na croí-inniúlachtaí a theastaíonn ó shaineolaithe ar imdhíonadh agus ar ghalair atá inchoiscthe trí vacsaíníú. Chuir sé straitéis oiliúna sláinte poiblí le chéile ansin, rud ar fhorhmuigh an Bord Bainistíochta é i mí an Mheithimh 2015.

Lean comhaltaí agus céimithe de chuid EPIET agus EUPHEM ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt maidir le tacaíocht a thabhairt don fhreagairt idirnáisiúnta do ráig víreas Ebola san Afraic Thiar: San iomlán, rinneadh tríúr comhordaitheoirí de chuid EPIET agus 25 chomhalta de chuid EPIET/EUPHEM a imscaradh in obair allamuigh sa bhliain.



Le hAtlas Faireachais ECDC maidir le Galair Thógálacha, ar atlas idirghníomhach é, soláthraítear sonraí faoi 25 ghalair theagmhálacha anois

Faireachas ar ghalair agus ullmhacht agus freagairt do ghalair

Is lámfheidhmiúil anois atá an *Atlas Faireachais maidir le Galair Thógálacha*. Tá sé ar fáil ar thairseach gréasáin ECDC. Faoi dheireadh na bliana 2015, bhí 25 ghalair infhógartha ar áireamh san Atlas. Leis an Atlas, cuirtear sonraí faireachais ar leibhéal AE i láthair i bhformáid idirghníomhach ar líne.

Sheol ECDC tionscadal um Athstruchtúró an Chórais Faireachais ar mhaithe le feabhas a chur ar eispéireas na ndaoine a úsáideann uirlisí faireachais ECDC. Cuireadh feabhas eile ar inchomparáideacht sonraí freisin.

Thángthas ar chomhaontú maidir le sainmhínte cáis nua ar fhiabhras deinge agus ar fhiabhras Chikungunya. Chomh maith leis sin, eisíodh sainmhínte cáis athbhreithnithe ar shifilis. Tosaíodh an díospóireacht ar shainmhíniú cáis a chomhaontú ar ghalair Lyme.

Rinne ECDC tuilleadh dul chun cinn ar thópáil mhóilíneach a thabhairt isteach de réir a chéile le haghaidh faireachas a dhéanamh ar roinnt galar ar leith.

Faisnéis eipidéime agus freagairt d'eipidéimí: D'fhoilsigh ECDC 42 mhearmheasúnú riosca san iomlán sa bhliain. Cuireadh 20 nuashonrú eipidéimeolaíoch a fáil ar líne freisin.

Thacaigh ECDC go gníomhach le cur chun feidhme Airteagal 4 de Chinneadh 1082/2013/AE maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte. Bhí ról lármach ag ECDC maidir le teimpléad a fhorbairt do shocrúithe ullmhachta do ráigeanna sna Ballstáit. Chomh maith leis sin, d'oibrigh ECDC ar mhodheolaíochtaí, ar tháscaráir agus ar uirlisí chun ullmhacht a mheas sna Ballstáit.


Thug ECDC tacaíocht theicniúil don Bheilg, don Phortaingéil agus don Rómáin d'fhonn feabhas a chur ar ullmhacht éigeandála do víreas Ebola sna tíortha sin. I measc na ngnéithe ar chumhdaigh an fhoireann ó ECDC iad, bhí sainmhínte cáis, othair an-tógálach a leithlisiú agus a chóireáil agus cumarsáid maidir le rioscaí. D'fhonn ullmhacht éigeandála a thástáil, d'fhorbair ECDC modúil oiliúna le haghaidh cleachtaí ionsamhlúcháin agus nuashonraigh sé an lámhleabhar uaidh maidir le cleachtaí ionsamhlúcháin.

D'eagraigh ECDC cruinniú de chuid na bpointí comhtheagmhála náisiúnta le haghaidh ullmhachta agus freagartha agus d'fhorbair sé roinnt táirgí teicniúla: sraith cás-staidéar ar shiondróm riospráide an Mheánoirthir agus ar phóillíó; tionscadal ar rangú rioscaí; agus staidéar ar an tionchar atá ag an insreabhadh méadaitheach imirceach ar an tsláinte phoiblí.

ECDC ar sracfhéachaint: figiúirí


Ag deireadh na bliana 2015, bhí 260 ball foirne lánaimseartha ag obair in ECDC. Ach amháin i gcás Lucsamburg agus na Cróite, déantar ionadaíocht do gach Ballstát d'AE ar fhoireann an Lárionaid.

Líon foirne



Cothromaíocht gheografach bhaili foirne reachtúla ECDC (gníomhairí ar conradh agus gníomhairí sealadacha), an 31 Nollaig 2015

Buiséad 2015



Nóta: Ní áirítear anseo ach na mórchatagóirí buiséid



Aitheasc á thabhairt ag Andrea Ammon, Stiúrthóir Gníomhach ar ECDC, don fhoireann lasmuigh de phríomhfhoirgneamh ECDC le linn cheiliúradh an chomóraidh dheich mbliana

**An Lárionad Eorpach um Ghalair
a Chosc agus a Rialú (ECDC)**

Seoladh poist:
Granits väg 8, SE-171 65 Solna, an tSualainn

Seoladh as baile:
Tomtebodavägen 11a, SE-171 65 Solna, an
tSualainn

Teil. +46 858601000
Facs +46 858601001
www.ecdc.europa.eu

Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh
www.europa.eu

Cláraigh lenár bhfoilseacháin a fháil
www.ecdc.europa.eu/en/publications

Déan teagmháil linn
publications@ecdc.europa.eu

🐦 Lean sinn ar Twitter
[@ECDC_EU](https://twitter.com/ECDC_EU)

📘 Cliceáil ‘is maith liom’ ar ár leathanach ar
Facebook
www.facebook.com/ECDC.EU



■ Publications Office

ISBN 978-92-9193-918-3